AN BLACK

Seán Ó Criomṫain.

Suim maiṫ aimsire ó ṡin, ní raiḃ eolas mór, ná cur amaċ aige muintir Ḋúinneaċ ar daoine duḃa ná buí. Is cuimin liom go rí ṁaiṫ an ċéad lá 'riaṁ a ḃuail an Black a ċos ar ṫalaṁ na mBlascaodaí, agus beiḋ a ċuimne sin agam an fad is beo mé.

Ḃí laeṫeannta saoire an tsaṁraiḋ againn agus sinn imiṫe le gealtaiġ le fonn agus le faoḃar, sinn a ḃeiṫ saor, neaṁspleaċ ar ṁáistir agus ar scoil.

Lá breá aoiḃinn ciúin, dúirt duine éigin go raiḃ naoṁóg ag teaċt ó Dún Caoin agus ná raiḃ aon naoṁóg ón Oileán amuiġ ⁊ gur stróinséar a ḃí innti. Ḃíoḋ na stróinséaraí ag teaċt gaċ bliain go dtí an t-oileán an t-am úd, agus ag fanaċt ann ar feaḋ mí nó níos mó, nó pé faid is maiṫ leo. Dá ḃrí sin, níor cuireaḋ upinn suime i dteaċt na naoṁóige an lá úd. Ḃí mná agus fearaiḃ an ḃaile imiṫe ag fiaċ agus ag déanaṁ dóiḃ féin. cnoc, sliaḃ agus farraige agus tráiġ.

Má ḃíonn duine strac-díoṁaoin agus an naoṁóg ag teaċt go dtí an gcalaḋ, ba ḃéas againn dul ar ḃárr an ċalaiḋ agus fios fá gaċ scéal a ṫaḃairt aḃaile linn ar nós aon leinḃ in aon áit eile.

Síos linn go fonnṁar: an naoṁóg tíos fá n-ár mbun, triúr fear ag ráṁaíoċt, agus Ailp mór duḃ sínte ṫiar 'na deireaḋ. Ċeapamar go léir gur ainmí éigin é ná ḟacamar 'riaṁ, agus ní ċuir éinne suim ró ṁór ann. Ṫáinig fear na naoṁóige amaċ aiste agus ṫarraing aníos tamall í, agus má ṫarraing ní fada gur éiriġ an ailp agus nár ṡiúiliġ amaċ ar an sip aiste. Nuair a ṫáinig sé amaċ laḃair fear Dún Caoin uaiḋ aníos agus dúirt — "Glanaḋ gaċ aoinne, tá an diaḃal ċugaiḃ.' '

Níor gá dó a ṫuilleaḋ a rá, ḃí gaċ duine againn riṫte agus bailiṫe linn le h-eagla agus le scannraḋ buile. D'imiġ an scéal ar fuid an ḃaile, agus níor ḟan fear ná bean a ḃí le fáil nár ṫáinig ag féaċaint ar an Ailp duḃ. Ḃí na seana-ṁná scannraiṫe 'na mbeaṫa, níor ċualadar 'riaṁ mar ġeall ar na Blackanna, ná ar na daoine gorma, agus dá ḃrí sin ní raiḃ mórán suime acu ionntu.

Ṫáinig fear Dún Caoin ag lorg lóistín sa tiġ a ḃíoḋ ag coimeád na stráinséirí, aċ má ṫáinig, ní ġlacfaí leis, agus ní ṫaḃarfaḋ aoinne acu lóistín don mBlack. Ḃí eagla orṫa nár b'éidir giobal ná bráillín a ġlanaḋ ina ḋiaiḋ go deo arís agus pé áit go mbuailfeaḋ sé láṁ ná cos, go ḃfanfaḋ sé lán do ġual na ḋiaiḋ.

Ḃí fear ar an mbaile a ḃí tacaiṫe aḃaile ó America, é féin agus a ḃean. Ní raiḃ miuirear ná cúram orṫa, agus mar a raiḃ eolas agus cur amaċ ar Ḃlackanna acu, ní lá fós é.

Ċuaiġ fear Dún Caoin ċuige sin agus fuair lóistín don mBlack ó ċroí amaċ. Ḃí an Béarla ar a ḋeis aige 'n mBlack agus ḃí strac eolas maiṫ aige'n dá Yank, agus ḃíodar sásta glan óstaíoċt na h-oiċe a ṫaḃairt dó.

Ní raiḃ seana-ṁná an oileáin tacaiṫe aḃaile ó ċnoc nó ó ṫráiġ fós. Ḃí sé luaṫ sa lá, agus nuair a ḃí fáltas iṫte aige 'n mBlack, ḃuail amaċ ag siúl dó féin. Asail a ḃíoḋ aige's na h-Oileánaiġ. Árd ualaċ a ḃíoḋ orṫa, sraṫar agus uím, agus an túalaċ na ḋrom. Áit isea Cnoc an Oileáin, na fuil ann aċ casán cúng caol, agus ċaiṫfeaḋ greim láiṁe a ḃeiṫ agat ar an uím nuair a ḃeiḋ an t-ualaċ sa ḋrom agat air, nó mar a mbeiḋ, ní leat féin an Uím ná an t-ualaċ.

Ḃí bean ṁeán-aosta sa Ċnoc ó ṁaidin roiṁisin, í féin agus a h-asal agus a barralín. Ṫugaḋ sí ualaċ móna ar an asal léi gaċ tráṫnóna ag teaċt aḃaile léi, ⁊ barrailín lán de ṁóin uirṫi féin. Ní raiḃ faic cloiste aici i riṫ an lae, go raiḃ stróinséar nó Black tacaiṫe fé'n mbaile, agus ní raiḃ sé ag luí ar an aigne aici, a' raiḃ, nó ná raiḃ. Ba ró ṁór ba ċuma léi, agus taḃair dom móin agus triomaċ. Ṫáinig an t-am ċun teaċt aḃaile, líon suas an t-uím ar an asal agus an barrailín uirṫí féin agus as ċun bóṫair aḃaile dá mbeaḋ an bóṫar aici. Ḃí sí ag teaċt léi go breá, greim láiṁe aici ar an uím, agus an láṁ eile aici ar an mbarrailín, agus í tuirseaċ go maiṫ taréis an lae, mar naċ díoṁaoin a ḃí sé caiṫte aici. Nuair a ċuir sí an cnoic aniar dí, cad a ċífeaḋ sí ná an Ailp mór duḃ 'na ṡeasaṁ tamaillín uaiṫe, rud ná facaiġ sé 'riaṁ. Scriaċ sí, is dó luiġ is do riṫ an cnoc amaċ: ċaiṫ uaiṫe an ḃarrail-ín, ḃog don uím agus don asal agus scaoil leis. Ní fada ó ḃaile ċuaiġ sí, nuair a d'imiġ idir uím agus móin de ḋrom an asail síos le fánaiġ, agus stad ná staonna níor ḋeineadar, nó gur ṡroiċeadar an ḟarraige. Agus mar ambeaḋ fear maiṫ a ḃí i mbárr an ċnoic ḃeaḋ an ḃean ar iarraiḋ ċom maiṫ, mar ċeap sí gurb é an Diaḃal a ḃí na stealla beaṫa ann.

Ċuir an fear ċun suaiṁnis í, mar a ḃí a ḟios aige sin cé ḃí ann. Ní mór an tsuim a cuireaḋ an uím a ḋul le fán mar nárḃ í an ċéad ċeann í.

Ċaiṫ an Black cúpla mí ar an Oileán, agus fé'n am sin, n'ḟéadair aoinne an duḃ nó bán a ḃí sé.

Fuair gaċ duine againn teatuiġṫe air, agus níor ṫáinig duine ċoṁ deas leis riaṁ ann. Ḃíoḋ sé ag imeaċt inéinfeaċt leis gaċ aoinne againn tráiġ agus cnoc, agus é ag obair go dian díċeallaċ agus focail maiṫ don nGaolainn foġlamṫa aige.

Ṫáinig an lá agus ṫáinig an glaoċ ar an mBlack agus ar mo leaḃar duit a ḋuine, go raiḃ leisce a ḋóṫain air scaraḋ leis an mBlascaod agus leis na h-asail. Ṫáinig an Doṁnaċ agus d'ḟág mo ḋuine slán le h-Oileán, agus ṫug a aġaiḋ fé ṁór ḃóṫar na cruinne.

Ḃíomar bailiṫe timpeall an tSéipéil. Ḃí an Black 'na ṡeasaṁ inár dteannta. Ṫáinig an Sagart Paróiste amaċ as a ċairt; stad sé agus d'ḟéaċ sé orainn agus do ċuir an ċeist ar duine as Dún Caoin — Cad as é? Cá ḃfuaireaḋ é? Agus a lán ceisteanna eile mar ġeall air. Laḃair fear leis an Sagart agus dúirt leis pé áit gur ṫáinig sé as. "A Aṫair," ar seisean, "ní ġealfaiḋ sé le h-eagla agus ní lasfaiḋ sé le náire, sé an daṫ céanna i gcónaí aige é."

Ċuir an méid sin deireaḋ le ceisteanna agus le freagraí.

Seán Ó Criomṫain.

OILÉAN ÁRANN

Ḃí ana ḟáilte roiṁ cuairteoirí óna Sé Condaeṫa a ṫáinig go hÁrainn an tseaċtain seo caite. Scata de scoláirí agus a gcuid múinteoirí ó Scoil Gramadaí Naoṁ Pádraig, Dún Pádraig, ab' ea iad. Dé hAoine a ċuaiġ siad go hÁrainn ar an Naoṁ Éanna agus ar an Saṫarn agus ar an Doṁnaċ ċuaiġ siad ar turas timpeall Conamara. Ḃí spéis ar leiṫ acu insan teanga Ġaeilge, agus iad go maiṫ ċun í do laḃairt, cé naċ ḃfuil sé ar ċlár oifigiúil na scoileanna ins na Sé-Ċondaeṫa. B'iad an ḃeirt múinteoirí a ḃí leis na ḋaltaí ná Seosaṁ Ó Moċléir, B.A., Loċ Riaċ agus Annraoi Ó Sioradáin, B.A., Béal Áṫa an Ḟeada. Téann scata scoláirí ó Árd-Scoil Naoṁ Pádraig, go Coláiste Cróna ar Oileáin Árainn, Tírċonaill, gaċ bliain.

CARNA

Is beag teaċ insan ṗaráiste in aice leis na scoileanna, aċ go h-áiṫrid, naċ mbeiḋ líonta le scoláirí do ṁí an Iúil i mbliana. Tá slua an ṁór ar fad scoláirí in áiriṫe do Ċoláiste Ṡeosaiṁ Carna, ní hé aṁáin i gceantar Ċárna féin, aċ ar fud na paráiste, a ḃéas siad. Beiḋ ranganna ar siúl ins na scoileanna sa paráiste ar maidin agus san iarnóin agus tráṫnóna, beiḋ imeaċtaí cultúrṫa agus caiṫeaṁ-aimsire, ar siúl ag na daltaí. Ní laḃarfar aċ Gaeilge ar fad le linn an ċúrsa, agus beiḋ glan Ġaeilge Ċárna ṫar n-ais leis na daltaí agus iad ag fágaint ag deireaḋ na míosa.

Tá an obair deisiúċán críoċnaiṫe anois ar an mbóṫar ag Muiġinis. Ḃí an bóṫar seo i ndroċ ċaoi le fada, aċ deisíoḋ ceiṫre ṁíle de anois, agus tá sé go breá ar fad, agus é an aisúil do ṁuintir na h-áiṫe agus do ċuairteoirí ċoṁ maiṫ.

Coṁġáirdeaċas le foireann peile Ċloċ na Rón, atá taréis corn Ṁíċil Uí Uigín a ḃuaċaint. Ag Cloċ Breac a h-imríoḋ an cluiċe, agus ḃuaiġ Cloċ na Rón ar an gClocán le 4-3 i gcoinniḃ 2-5 Páid Ó Conḟaola, B.A., O.S., a ḃí mar ṁoltóir.

Tá áṫas i gConamara gur éiriġ leis an Seanadóir Seán Ó Mainín insan toġċán don tSeanad, don triú uair. An t-am seo, ní raiḃ sé aċ trí ḃóta gann le ḃeiṫ ag ceann an liosta ar rolla Talṁaíoċta.

Tá na h-iascairí anseo ag déanaṁ go breá ar fad ag iascaireaċt na ngliomaċ. Leis na báda agus gléasra nua atá acu, tá siad ábalta déanaṁ i ḃfad níos fearr ná mar a ḃí leis na curraċaí agus na seana ṗótaí. Tá luaċ an ṁaiṫ ar na gliomaí san am i láṫair, suas le £6 an dosaen, agus tá teaċt-isteaċ breá ag na h-iascairí dá ḃárr.

ACAILL

Tá na turasóirí ag plódú isteaċ go hAcaill le cúpla seaċtain anois, agus san am i láṫair, níl tí ósta ná tiġ cónaí naċ ḃfuil lán ar fad. Is mór a ċuaiġ an plean a ḃí ag Bord Fáilte le turasóirí a ṫarraingt na h-áiṫe níos luaiṫe, ar soċar do Acaill, mar ó ṫús mí Ṁeiṫeaṁ anois, bíonn na turasóirí ag teaċt. Ar ndóiġe, ní hé an ceantar Gaeltaċta is mó a ġnóṫaíonn ón turasóireaċt, mar téann tromlaċ na dturasóirí go dtí na ceantair Galltaċta ar an Oileán.

Is mó duine atá a rá anseo, gur maiṫ ab' ḟiú féaċaint le cúrsaí Gaeilge agus Coláistí Saṁraiḋ a eagrú in Acaill, agus turasóirí na Gaeilge a ṫarraċ go dtí ceantair Gaeltaċta an oileáin.

Ḃí slua mór ar fad insan mórṡiúl bliantúil Ċorp Ċríost, Dé Doṁnaiġ seo caite in Acaill. Ḃí an aimsir go maiṫ ċuige.

Ní raiḃ an lá go maiṫ Diardaoin Ċorp Críoċt, agus b'éigin cleasa lúṫ na scoile a ċur siar go ceann tréiṁse. Tá coiste na gcleasa lúṫ taréis corn sár ḃreá a ċeannaċ, le cur in ionad seana ċorn Aċla, a ceannaíoḋ ar tús in 1948.

An ḃfuil péist ṁór in Acaill? Deirtear go ḃfuil. Agus ní Éireannaċ adeir, aċ cuairteoir ó Ṡasana. Deir sé, agus dearḃaíonn sé go ḃfaca sé an míol mór seo in Loċ Gleanndáṁaraí agus ṫáinig beirt do ṁuintir Aċla 'un cainte leis díreaċ indiaiḋ dó an ṗéist a ḟeiscint agus deir siad go raiḃ sé soiléir go raiḃ sé scannraiṫe ar fad.

Ṫug Circus Fossett cuairt ar Acaill Dé Saṫairn agus ḃí slua mór cruinniṫe ag féaċaint orṫa.

Coṁġáirdeaċas le Pádraic Ó Cillbán, B.A., atá taréis céim B.Comm. a ḃaint amaċ. Caiptín é do foireann péile Aċla, agus tá sé ag teagasc i nGairmscoil an Ċaiseal.

UAĊTAR ARD

Ba aisteaċ ar fad cuid de na rudaí a noċtaḋ ag fiosrú poiblí i nGaillim faoi ordú ceannaċ éageandála, ar an ċéiḃ nua, Uaċtar Árd, ó Máire Bean Uí Lionárd.

Ḃí Bean Uí Lionárd ċun tí a ṫógáil ar an ṗíosa talaiṁ, agus ṫug Oifigeoirí Teicniúla an ċondae cead tógála, aċ ṁol Pádraic Seoiġe, agus ċaḃraiġ Seán Ó Máinín rún. ag iarraiḋ ar an mBainisteoir Condae ordú ceannaċ éageandála a ḋéanaṁ, agus an suíoṁ a ḟorbairt mar ais logánta.

Ag an ḟiosrú poiblí, dúraḋ go raiḃ Muintir na Tíre in Uaċtar Árd ag iarraiḋ boycott a ḋéanaṁ ar ṫógáil an tí, agus gur cuireaḋ litreaċa ṫart insan ceantar, ag iarraiḋ ar siopadóirí gan ábar do ṫaḃairt do Bean Uí Lionárd.

D'inis an tUasal Ó Floinn, Bainisteoir Condae, do P. Ó Máinín, an Cigire i gceannas ar an ḟiosrú, naċ raiḃ pleananna ar biṫ ullṁaiṫe ag an Ċoṁairle fá ċoinne forbairt an suíoṁ. Ṫug sé a ṫuairim go mbeaḋ costas ceannaiġ agus forbarṫa an suíoṁ i ḃfad níos mó ná ḃfiú mar ais é.

Dúirt sé gur ġníoṁaiġ an Coṁairle gan coṁairle a gcuid oifigeoirí teicniúla nuair a ṫarraingt siad siar an cead a tugaḋ do Bean Uí Lionárd.

Faoi ċros-ċeistniú ag an Uasal Cerins, ar son Cumann Forbarṫa Uaċtar Árd, d'adṁaiġ sé go raiḃ an píosa talaiṁ an luaċṁar mar ais, aċ naċ ndéanfaḋ tiġ air aon doċar dó.

D'adṁaiġ an tInnealltóir Condae, go raiḃ Bord Turasóireaċta an Iarṫair i gcoinniḃ na tógála. Aċ, dúirt sé naċ raiḃ Bord Fáilte Éireann ar aon intinn leo.

Dúirt Pádraic Seoiġe go raiḃ pobal na h-áiṫe an tógṫa fá teaċ a ḃeiṫ dá ċur suas anseo.

Cuireaḋ an éisteaċt siar gan breiṫ do ṫaḃairt.

IORRAS

Tá iascaireaċt na mbradán ag dul go maiṫ anois ar ċósta ṫuais-cirt Ṁuiġeo, cé go raiḃ sé mall go maiṫ ag tosnú. Táṫar ag tógáil lastaí maiṫe bradán ag Port a' Cluaiḋe, Port Orlainn agus Béal Dearg, le seaċtain nó dó anuas. Siad na h-iascairí farraige is fearr atá ag déanaṁ leis. agus níor tógaḋ mórán bradán fós ar Aḃainn Máiġ.

Rinneaḋ £32,000 praifid as rannóg an ḃagúin, de ġnóṫaí Cum-ann Bagún Ċaisleán an Ḃarraiġ, adúraḋ ag an ċruinniú cinnbliana i gCaisleán an Ḃarraiġ an tseaċtain seo caite.

Insan comórtas slat-iascaireaċta farraige, i gCuan Ċill Alaiḋ, tá seaċtain ó ṡin, tóg an triúr-déag coiṁlinteoir a ḃí ag glacaḋ páirt, ós cionn 600 punt de iasc éagsúla.

Mar a tuairiscíoḋ in AMÁRAĊ an tseaċtain seo caite, ṫug Rúnaí Pairliminte na Gaeltaċta, cuairt ar Ceaṫrú Ṫaiḋg agus ceantair eile in Iorras, le déanaí. Cuireaḋ fáilte roiṁe go Ceaṫrú Ṫaiḋg agus laḃair sé le ionadaiṫe óna sráid-ḃailte, Port na Cluaiḋre, Ceaṫrú Ṫaiḋg, Port na Cloiċe, Cill Gealagáin agus Cart Bui.

Pléaḋ riaċtanaisí an ċeantair agus go h-áiṫrid leaṫnú agus feaḃsú na gcéiḃeanna, sa gcaoi go ḃféadfaí na báid nua 28 troiġ a ṫaḃairt isteaċ ċucu. Beiḋ 28 de na bádaí seo i gceantar Port Orlainn - Port na Cluaiḋre, roiṁ ḋeireaḋ na míosa seo. An tAṫair Ó Caṫáin, S.C., a d'ḟáiltiġ roiṁ an Rúnaí Pairliminte.

Is maiṫ mar atá na bádaí nua ag dul insan ċeantar. An lá taréis do a ḃád a ġlacaḋ ó Bord Iascaiġ Ṁara, tóg Annraoi Ó Beirn, Port na Cluaiḋe, (P. S. Ó Doċartaiġ agus Seán Ó Conċuḃair mar criú aige)an bád go dtí na Stacks, agus ar línte láiṁe, tóg siad ós cionn 400 glasán, in dá uair. Tá na Stacks ar an ionad iascaireaċta is saiḃre ṫart fá ċostaí na hÉireann.

Ṫosnaiġ Séasúr na mbradán i bPort Orlainn agus Port na Cluaiḋe. Ar feaḋ an ċéad coicís, ní raiḃ siad aċ ag tógáil bradán aṁáin nó dá ċeann ag gaċ bád, aċ ṫáinig feaḃas mór orṫa le seaċtain anuas, agus an tseaċtain seo caite, ḃí siad ag tógáil ós cionn scór an bád san oiċe. Oiċe Luan, ní raiḃ bádaí Ṗort na Cluaiḋe inann a ḋul amaċ toisc an ḟarraige a ḃeiṫ tógṫa aċ ḃí foscaḋ ag bádaí Ṗort Orlainn, agus d'éiriġ leo neart bradán a ṫógáil.

Coṁġáirdeaċas le Seán Ó Foġlú, múinteoir gairm-oideaċais, Béal an Ṁuirṫid, a ḃí ar duine den ċeaṫrar ó Condae Ṁuiġeo ar bronnaḋ Séala Óir orṫa, ag dinnéar i nGaillim, mar ġeall ar an obair ṁaiṫ a ḋein siad ar son Ṁaċra na Tuaiṫe.

CEISTEANNA

Sa Dáil, ar an 15ú lá de Ṁeiṫ-iṁ, d'ḟreagair Pádraic Ó Faċtna, T.D., rúnaí pairliminte don Gaeltaċt, dá ċeist a ḃain le talaṁ i gCo. Luimní agus i Sligeaċ-Roscomáin, ar son Aire Tailte, agus ceist faoi foraoiseaċt i bPortláirge Ṫiar agus Tiobráid Árainn Ṫeas, ar son an Aire ċéanna.

An Roinn Leasa Shóisialaigh

CĀRTAĪ ĀRACHAIS BAN A MHALARTŪ — IŪIL, 1965.

Ba cheart Cártaí Árachais Ban 1964 65 a mhalartú i rith na seachtaine dar críoch 9 Iúil, 1965.

'Sna háiteanna seo a leanas déanfar na Cártaí a mhalartú 'sna Malartáin Fostaíochta—

Baile Átha Cliath **(Sráid Gardnar Íochtair)**, Dún Laoghaire, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge, Droichead Atha, Dún Dealgan, Gaillimh, Sligeach agus Trá Lí.

In áiteanna eile déanfaidh Gníomhairí Áitiúla na Roinne an malartú, ach amháin i gceantair a bhfuil socrú eile déanta agus táthar tar éis an socrú sin a chur in iúl do na daoine lena mbaineann. Is ceart Cártaí a chuirtear ar aghaidh lena malartú a sheoladh faoi chlúdach séalaithe, agus ainm agus seoladh an tseoltóra a thaispeáint go soiléir.

MURA NDĒANFAR CĀRTAĪ A MHALARTŪ GAN MHOILL D'FHĒADFADH SĒ GO GCAILLFĪ SOCHAIR AGUS GO MBĒADH AR NA FOSTŌIRĪ AN CAILLTEANAS A SHLĀNŪ.